Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 14

An tSaotharlann Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €328,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht do thréimhsí cuntais dar tús an 1 Eanáir 2025 i leith.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoin, ar fheraas agus ar threalamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainní	*Saolré úsáideach*	*Ráta dímheasa*
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha	5 bliana	20%

Fardail

Áirítear leis an luacháil ar fhardail míreanna intomhalta ardtoirte íseal-luacha, mar gheall ar a gcineál agus ar an ngá atá le monatóireacht agus le slándáil.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheimiceoir Stáit.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSaotharlann Stáit.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a

chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair i ndámhachtain gach conartha agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €6.5 milliún san iomlán sa bhliain 2025.

Thug an tSaotharlann Stáit mionsonraí faoi ocht gconradh a soláthraíodh ar bhealach neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte don bhliain 2025 agus ní raibh aon chonarthaí neamhchomhlíontacha aici.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den tSaotharlann Stáit atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Barbara O'Leary
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

10 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit
Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an tSaotharlann Stáit agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar an bhfaisnéis sa ráiteas agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meitheamh 2026

Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus treoracha eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach a chur chun feidhme chun gur féidir cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Dháil Éireann á lua cé acu, i mo thuairim, a léirítear nó nach léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sa chuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na tailfid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais ón Oifigeach Cuntasaíochta, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm tuairisciú faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa iomchuí don chaibidil iomchuí nó do na caibidlí iomchuí den *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, rud a fhoilsím gach bliain.

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Cuntas Leithreasa 2025

			2025	2024
	Soláthar measta	chain	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach				
Bunaidh	15,500			
Forlíontach	1,101			
		16,601	16,433	14,751
Ollchaiteachas		**16,601**	**16,433**	**14,751**
Lúide				
B **Leithreasaí-i-gcabhair**				
Bunaidh	1,720			
Forlíontach	(71)			
		1,649	**1,809**	**1,266**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	13,780			
Forlíontach	1,172			
		14,952	**14,624**	**13,485**

Barrachas

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas/(vóta barrachais)	**327,520**	**(9,680)**

Barbara O'Leary
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

10 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

		2025	2024
	€000	€000	€000
Pá		9,923	9,117
Neamhphá		6,510	5,634
Ollchaiteachas		**16,433**	**14,751**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,809**	**1,266**
Glanchaiteachas		**14,624**	**13,485**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)			
Ceannacháin	(575)		
Dímheas	886		
Caillteanas ar dhiúscairtí	10		
		321	343
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil			
Méadú ar fhardail	(23)		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(527)		
Laghdú ar ioncam fabhraithe	135		
Laghdú ar speansais fhabhraithe	(206)		
		(621)	907
Caiteachas vótáilte díreach		**14,324**	**14,735**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,917	2,086
Measchíos		1,902	1,688
Glanchostas an chláir		**18,143**	**18,509**

Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a iompraíodh in áit eile.

		2025 €000	2024 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	10	10
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,883	2,063
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	24	13
		1,917	**2,086**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	1,680	2,001
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	—
		1,680	**2,001**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		442	513
Fardail	2.3	372	349
Réamhíocaíochtaí	2.4	1,015	488
Ioncam fabhraithe	2.5	35	170
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	221	202
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	—	19
		2,085	**1,741**
Lúide			
Dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	827	1,033
Iarmhéideanna sochair eile	2.8	606	734
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	57	—
		1,490	**1,767**
Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha		**595**	**(26)**
Glansócmhainní		**2,275**	**1,975**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.10	**2,275**	**1,975**

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil [a]			
Ag an 1 Eanáir 2025	15,074	559	15,633
Breiseanna	575	—	575
Diúscairtí	(1,123)	—	(1,123)
Ag an 31 Nollaig 2025	14,526	559	15,085
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2025	13,077	555	13,632
Dímheas don bhliain	884	2	886
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,113)	—	(1,113)
Ag an 31 Nollaig 2025	12,848	557	13,405
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2025	**1,678**	**2**	**1,680**
Ag an 31 Nollaig 2024	1,997	4	2,001

Nóta [a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2025	174	174
Diúscairtí	(36)	(36)
Ag an 31 Nollaig 2025	138	138
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2025	174	174
Amúchadh ar dhiúscairtí	(36)	(36)
Ag an 31 Nollaig 2025	138	138
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2025	**—**	**—**
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—

2.3 Fardail

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Ceimiceáin agus ábhar inchaite saotharlainne	336	305
Páipéarachas agus ábhar inchaite TF	36	44
	372	**349**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Saotharlann agus TF	1,000	483
Riarachán	15	5
	1,015	**488**

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Dlite do sheirbhísí	35	170
	35	**170**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Cuntas dáileacháin párolla	215	197
Speansais in-fhorchúitithe taistil	—	1
Speansais in-fhorchúitithe i leith an phas taistil	4	4
Speansais in-fhorchúitithe i leith na scéime um rothaíocht chun na hoibre	2	—
	221	**202**

2.7 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Saotharlann agus TF	286	594
Fabhrú párolla	330	273
Fabhrú saoire	207	163
Riarachán	4	3
	827	**1,033**

2.8 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	130	117
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	108	99
Muirear sóisialach uilíoch	23	25
Cáin bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach	16	20
	277	261
Fionraí		
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	68	63
Maoiniú deontais ón Aontas Eorpach [a]	261	410
	329	473
	606	**734**

Nóta [a] Fuarthas deontas €410,000 ó chiste Ionstraim an Aontais Eorpaigh um Threalamh Rialaithe Custaim sa bhliain airgeadais 2024. Níor cuireadh aon chostais ná aon ghníomhaíochtaí i gcrích i ndáil leis an deontas sin sa bhliain 2024, agus tá suim iomlán an deontais aitheanta mar dhliteanas in iarmhéideanna sochair eile don bhliain 2024. Sa bhliain 2025, úsáideadh €149,000 den deontas chun trealamh a cheannach, agus aithníodh é sin mar leithreasaí-i-gcabhair. Coinneofar an t-iarmhéid €261,000 atá fágtha ar fionraí go dtí go n-úsáidfear é ar threalamh de réir an chomhaontaithe deontais.

2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Barrachas le géilleadh/(Vóta barrachais)	328	(10)
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(271)	(9)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**57**	**(19)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	442	513
Iarmhéideanna dochair: fionraí	221	202
	663	715
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(277)	(261)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(329)	(473)
	(606)	(734)
	57	**(19)**

2.10 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2025	2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			1,975	2,688
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	14,952		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(328)		
Glanvóta			14,624	13,485
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1		1,917	2,086
Míreanna neamhairgid				
Glanchoigeartuithe ar shócmhainní caipitil		—		
Measchíos	1	1,902		
			1,902	2,225
Glanchostas an chláir	1		(18,143)	(18,509)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,275**	**1,975**

2.11 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	153	728
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**153**	**728**

2.12 Tionchar na n-athruithe beartais cuntasaíochta

Tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGASanna) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe ón 1 Eanáir 2024 i leith. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais Stáit i mbliain an chuntais.

	2025 €000	2024 €000
Fabhrú párolla [a]	—	273
Fabhrú saoire [a]	—	163
	—	**436**

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

3.1 Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 14 An tSaotharlann Stáit mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach.

		Soláthar meastachain		2025 Toradh	2024 Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	10,305			
	Forlíontach	(220)			
			10,085	9,923	9,117
ii	Taisteal agus cothú		40	21	36
iii	Oiliúint agus forbairt		224	185	161
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach				
	Bunaidh	2,548			
	Forlíontach	779			
			3,327	3,543	3,307
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF				
	Bunaidh	432			
	Forlíontach	68			
			500	502	337
vi	Costais áitribh				
	Bunaidh	1,950			
	Forlíontach	474			
			2,424	2,259	1,793
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde		1	—	—
			16,601	**16,433**	**14,751**

Difríochtaí suntasacha

Sa nóta seo a leanas, cuirtear i láthair anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €2.548 milliún; toradh €3.543 milliún

Tháinig an gá a bhí le meastachán forlíontach €779,000 chun cinn mar gheall ar mhéadú ar chostais seirbhíse trealaimh sa bhliain.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2025	2024
		Soláthar measta	chain	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
1	Fáltais i leith anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha, etc.				
	Bunaidh	1,445			
	Forlíontach	(71)			
			1,374	1,371	1,002
2	Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais		274	289	264
3	Fáltais ilghnéitheacha		1	149	—
			1,649	**1,809**	**1,266**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i leithreasaí-i-gcabhair.

3 Fáltais ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €1,000; réadaithe €149,000

Baineann fáltais ilghnéitheacha €149,000 leis an sciar de dheontas ón Aontas Eorpach a caitheadh ar threalamh sa bhliain. Fuarthas an deontas sa bhliain 2024, agus taifeadtar é i gcuntas fionraí, agus scaoiltear é chuig leithreasaí-i-gcabhair nuair a cheannaítear trealamh a bhaineann leis an deontas.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí-i-gcabhair agus suimeanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann Ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

	2025 €000
Ioncam ó idirbhearta nárbh idirbhearta malairte iad	
Deontas ón bPríomh-Chiste	14,624
Deontais eile	149
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	291
Ioncam ó idirbhearta malairte	
Soláthar seirbhísí	1,234
Ioncam iomlán	**16,298**
Arna léiriú ag:	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4.1)	1,809
Deontas ón bPríomh-Chiste	14,624
Laghdú ar ioncam fabhraithe	(135)
	16,298

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	**138**	**136**

5.2 Pá

	2025 €000	2024 €000
Pá	8,993	8,290
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	14	9
ÁSPC an Fhostóra	916	818
	9,923	**9,117**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8	—	2,197	1,379

5.4 Bandaí pá fhostaithe na Saortharlainne Stáit

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Saotharlainne Stáit a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandai pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	**Go**	**2025**	**2024**
20,000	59,999	70	80
60,000	69,999	22	13
70,000	79,999	19	24
80,000	89,999	19	15
90,000	99,999	6	4
100,000	109,999	1	—
110,000	119,999	2	2
120,000	129,999	1	—
130,000	139,999	—	—
140,000	149,999	1	1

5.5 Luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	**2024**
	€	**€**
Bunphá	147,119	139,759
Liúntais	1,475	1,396
	148,594	**141,155**

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den Scéim Pinsean Ranníocach do Státseirbhísigh Bhunaithe agus den Scéim Ranníocach Athbhreithnithe do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi. Ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéimeanna.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	**2025**	**2024**
		€000	**€000**
Ró-íocaíochtaí	11	13	12
Recovery plans in place	4	4	11

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe íocaíochtaí i leith ceannacháin trealaimh a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad. Ba mar a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

		2025	2024
	Soláthar meastacháin	**Toradh**	**Toradh**
	€000	**€000**	**€000**
Ciste na hionstraime um threalamh rialaithe custaim			
Bunaidh	—		
Forlíontach	149		
		149	**—**